

RABHADH

NÍ MÓR duit an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.

Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

DÉ CÉADAOIN, 21 MEITHEAMH 2006, MAIDIN 9.30 – 12.00

EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - GNÁTHLEIBHÉAL (320 Marc)

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid I agus **ceithre** cheist as Cuid II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid I.

CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
Ná scríobh na freagraí do Roinn II ar an gceistpháipéar seo.

NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROI NN II A FHREAGAIRT.

CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.

Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.

Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

1. Luaigh DHÁ chéim ar bith sa bhiashlabhra:

(i) _____

(ii) _____

2. Is úinéir é an gnáthfheirmeoir in Éirinn ar an gcuid is mó de na hacmhainní a úsáideann sé/sí.
Luaigh sampla AMHÁIN agus mínigh é.

Sampla: _____

3. Tugann Foirmiú Comhlán Caipitil lúide _____ Glanfhoirmiú Caipitil.

4. Tabhair cúis AMHÁIN a dtearc-úsáidtear go minic cumas próiseála chomhlachtaí déiríochta na hÉireann.

5. Ainmnigh ionchur idirmheánach AMHÁIN a úsáideann feirmeoirí.

6. Is é an t-athrú is tábhactaí, le himeacht ama, sa mheascán acmhainní san fheirmeoireacht ná go bhfuil
_____ á chur in ionad _____ .

7. Luaigh réamhchúram AMHÁIN a fhéadann feirmeoir a dhéanamh chun an éiginnteacht faoi phraghsanna
amach anseo a laghdú.

8. Ceann AMHÁIN den dá phríomhathróg a mbíonn tionchar acu ar an éileamh fadtréimhseach ar earrai
talmhaíochta ná:

9. Is é atá i dTáirge Imeallach Ioncaim ná Praghais agus é iolraithe faoi _____

10. Ainmnigh innéacs a thomhaiseann boilsciú. _____

- 11.** Cén fáth nach bhfuil an t-ioncam ón bhfeirmeoireacht ina thomhas maith go leor feasta de stádas eacnamaíoch mórán feirmeoirí?
-
-

- 12.** Luaigh cúis AMHÁIN a mbíonn úinéirí maoine níos fearr as de ghnáth ná daoine nach bhfuil maoin ar bith acu.
-
-

- 13.** Luaigh cáin chaipitil AMHÁIN a bhaineann le feirmeoirí: _____

- 14.** Sainmhínítear cóimheas leachtachta feirme mar an cóimheas ag sócmhainní leachtacha le:
-

- 15.** Cad é an cuspóir atá ag an Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaich?
-
-

- 16.** Cad é an fheidhm atá ag COPA san Aontas Eorpach?
-

- 17.** Luaigh DHÁ fheidhm atá ag Teagasc.

(i) _____

(ii) _____

- 18.** Tá buiséad an Aontais Eorpaigh maoinithe ag na ballstáit i slite difriúla. Luaigh slí AMHÁIN.
-

- 19.** Cén fáth a bhfuil mórán d’Fheirmeoirí na hÉireann páirteach i Scéim Chaomhnaithe an Chomhshaoil faoin Tuath (REPS)?
-
-

- 20.** Luaigh míbhuntáiste AMHÁIN d’fheirmeoirí de bharr an ráta ard fáis eacnamaíoch i ngeilleagar na hÉireann.
-
-

Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.

CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.

Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.

Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).

Ná scríobh na freagraí do Roinn II ar an gceistpháipéar seo.


1. Ní bhíonn ach cumhacht lag margála ag feirmeoirí agus iad ag margú a gcuid tárgí. I measc na gcúiseanna atá leis sin d'fhéadfaí na cinn seo a leanas a áireamh:

- (i) struchtúr na feirmeoireachta,
- (ii) scaipeadh geografach na feirmeoireachta;
- (iii) nádúr toirtiúil agus inmheatacht na dtárgí talmhaíochta.

- (a) Mínigh, agus samplaí á n-úsáid agat, gach ceann de na cúiseanna atá luaite thuas.
- (b) Tabhair breac-chuntas ar **DHÁ** straitéis ar bith a d'fhéadfadh feirmeoirí a úsáid chun a gcumhacht margála a fheabhsú.

[50 marc]

2.



Taispeánann an léaráid thuas soláthar agus éileamh an mhargaidh do tháirge talmhaíochta.

- (a) Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar agus cuir lipéid ar na haiseanna, ar chuar an éilimh agus ar chuar an tsoláthair.
- (b) Mínigh na cúiseanna atá leis an gcruth atá ar chuar an éilimh **agus** an gcruth atá ar chuar an tsoláthair.
- (c) Taispeáin an praghas cothromaíochta agus an chainníocht chothromaíochta ar an léaráid **agus** mínígh cad a chiallaíonn sé.
- (d) Mínigh DHÁ chúis a bhféadfadh cuar an éilimh aistriú ar dheis.

[50 marc]

3. Anseo thíos tá na sonraí airgeadais, ina €, ag feirm in Éirinn:

	€
Díolacháin lúide ceannacháin	Bainne
	130,000
	Beostoc
	65,000
	Barraí
Athrú sna fardail	8,000
Tomhaltas an Tí	-12,000
Costais Athraitheacha	3,000
Costais Sheasta:	72,000
	Dímheas
	6,000
	Costais Sheasta Eile
	48,000

(a) Ríomh iad seo ó na sonraí thuas, agus taispeáin do chuid oibre uile:

- (i) Aschur na Feirme;
- (ii) Ollchorrlach na Feirme;
- (iii) Ioncam ó Fheirm an Teaghlaigh.

(b) Luaigh DHÁ shampla de Chostais Sheasta (gan Dímheas san áireamh) agus DHÁ shampla de Chostais Athraitheacha mar a bhaineann siad leis an bhfeirmeoireacht.


[50 marc]

4. Mínigh i gcomhthéacs na feirmeoireachta, an **difríocht** idir na péirí seo a leanas:

- (a) Margadh Tosca agus Margadh Táirgí;
- (b) Táirge Iomaíochta agus Comhtháirge;
- (c) Limistéar Cothaithe agus Limistéar Foráiste;
- (d) Feirmeoirí Inmharthana agus Feirmeoirí Neamh-Inmharthana.

[50 marc]

5.



Taispeánann an léaráid thusas an leibhéal aschuir is brabúsaí le táirgeadh.

- (a) Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar, cuir lipéid ar na haiseanna agus sainaithin líne an Chostais Imeallaigh agus líne an Ioncaim Imeallaigh;
- (b) Mínigh an difríocht idir an Costas Imeallach agus an tIoncam Imeallach;
- (c) Sainaithin ar an léaráid an leibhéal aschuir is brabúsaí (úsáid lipéad Q_1);
- (d) Mínigh cén fáth a mbeadh an brabús níos lú dá mbeadh táirgeadh breise nó táirgeadh níos lú den aschur seo (Q_1) ann.

[50 marc]

6. (a) Tá ballstáit nua tagtha isteach san Aontas Eorpach le blianta beaga anuas. Pléigh na tionchair is dóichí a bheidh aige sin ar thalmhaíocht na hÉireann.

- (b) Scríobh breac-chuntas ar moltaí Chlár Oibre (Agenda) 2000 a bhaineann le polasaí talmhaíochta an Aontais Eorpaigh.

[50 marc]

Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.

Leathanach Bán